

**Muc Ghainimh** – amach ón Dóilín. Bíonn an fharraige le feiceáil ag éirí ar an gcarraig a dtugtar An Mhuc Ghainimh uirthi nuair a bhíonn aimsir mhaith ar an mbealach

**Carraig an Liagáin** – ó thuaidh de Charraig an Ime in aice Inis Mhic Cionnaith. ‘Liagán’ – cloch atá ina seasamh

**Céibh an Chaislín** nó **Céibh Dhoire Fheárta** – ‘An Caislín’ an t-ainm a bhí ar an mbád a bhí ag an Tiarna Talún Proinsias Ó Flaithearta a bhí ina chónaí ar Inis Mhic Cionnaith

**Céibh an Chaislín Deas** – bád eile a raibh an t-ainm An Caislín Deas air a bhí ag an tiarna talún céanna, agus seo an t-ainm atá ar an gcéibh ar Inis Mhic Cionnaith. Tá oileán beag le taobh na céibhe agus An Ghlais Oileán atá air; reilig gasúr a bhí ann de réir cosúlachta

**Céibh Aill na Graí** – i nDoire Né

**Cora na gCadhain** – i nDoire Fheárta trasna ó Inis Mhic Cionnaith. Bhíodh seanbhóthar Dhoire Fheárta ag dul síos le cladach agus thagadh sé amach i gCuileán

**Cora Ghogala** – i nDore Fheárta. Bhí seanfhear san áit a raibh ‘Gogala’ air

**Mullán Shadhbh Chrón** – cloch atá amach ón Tismeáin. B’fhéidir gur bádh bean a raibh craiceann dorcha uirthi agus Sadhbh mar ainm uirthi

**Gob na Ronna** – amach ón Rinn

**Carraig an Riain** – i mbéal Chuan Chasla, amach ó Ghob an Phointe. Ba rian nó marc a bhí sa gcarraig seo ag báid a bhíodh ag teacht isteach sa gcuan. Tá leagan cainte ann faoin gcarraig seo ‘Carraig an Riain nár facthas riamh gan bruth’

**An Codú** nó **An Charraig Dhubh** – i mbéal Chuan Chasla freisin, amach ó Ros a Mhíl. Bhíodh feamainn dhubh ag fás uirthi, sin an fáth ‘An Charraig Dhubh’, ach bhí sé níos éasca ‘Codú’ a rá

**An Cheannain** – gar don Chodú. ‘An Ceann F(h)ionn’ an t-ainm ceart ar an gcarraig seo

**An Cuan Caol** agus **Céibh an Chuain Chaoil** – sa bPointe

*Aill an Chlogáis* – aill a raibh túr nó clog uirthi. Tá teach solais ar an aill a tógadh i 1914

*An Fhaochnaid* – in aice leis an gCaorán Mór. Tugtar An Fhaochnaid ar an talamh agus ar an gcladach anseo

*Cora Glas* – píosa talún atá ag gobadh amach taobh thíos den Ghleann Mór. Tá féar glas san áit

*Caladh Mhaitiú* – ó dheas de Chéibh an tSrutháin. Bhíodh bád ag tiarna talún darbh ainm Maitiú Bláca san áit seo. Seo cuid de na Blácaí a bhí sa Tulach chomh maith. Tá Clocha an tSiléir in aice láimhe, áit a mbíodh solas leis na báid a threorú isteach sa gcuan

**Foinsí:**

*Logainmneacha agus Patrún Lonnaíochta ar an gCeathrú Rua, Eileen Nic Dhonncha*